C/2026/3754

14.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12347 — BROOKFIELD / LUNATE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3754)

1. An 2 Iúil 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Brookfield Capital Partners Manager Ltd ('Brookfield', Bermuda), faoi rialú Brookfield Corporation (Ceanada),

— Lunate Capital Limited ('Lunate', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú Royal Group Holding LLC ('Royal Group', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha).

Gheobhaidh Brookfield agus Lunate comhrialú ar chomhfhiontar nuachruthaithe ('Target JV'). de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é Brookfield a bhfuil a cheanncheathrú aige in Toronto, Ceanada, a chuireann réimse táirgí agus seirbhísí infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha ar fáil agus a dhíríonn ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar an aistriú in-athnuaite, bonneagar, cothromas príobháideach agus réadmhaoin,

— Díríonn Lunate ar mhargaí príobháideacha ar fud an domhain agus tá sé gníomhach ar fud an speictrim bainistíochta sócmhainní níos leithne, agus é ag obair le bonn cliant éagsúil lena n-áirítear institiúidí, oifigí teaghlaigh agus corparáidí. Is ilchuideachta de 60 cuideachta, idir mhór agus mheánmhéide, atá lonnaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an sprioc-chomhfhiontar: forbairt tionscadal réadmhaoine cónaithe sa Mheánoirthear.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é conclúid an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12347 — BROOKFIELD / LUNATE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË